Iarsmaí na Gaillimhe

múseam museum
Músaem Cathrach na Gaillimhe
Galway City Museum

Gníomhaíochtaí don Seomra Ranga

Fáinne an Chladaigh

le Richard Joyce
c. 1700



Iarsmaí na Gaillimhe
Galway in Objects

Scríobh Lipéad Músaeim

Scríobhann músaeim lipéid chun cuairteoirí a chur ar an eolas faoi na míreanna atá ar taispeáint. Is gnách go gcuirtear teideal agus dáta (más eol) an ruda, ainm an déantóra (más eol), agus roinnt sonraí suimiúla eile ar an lipéad.

Ag glacadh lena bhfuil foghlamtha agat faoi Fháinne an Chladaigh, scríobh lipéad in dhá nó trí abairt.

D'fhéadfadh cur síos gairid nó fíric thar a bheith suimiúil a chur ar an lipéad (nó freagra pearsanta i leith an réada).

Fáinne an Chladaigh, *c.* 1700

.....

.....

.....

.....

.....

.....

© Músaem Cathrach na Gaillimhe

NOD

Cruthaigh stór focal ar an gclár bán, agus luaite ann focail nua nó suimiúla chun cuidiú leis an libéad a scríobh; mar shampla: *fede* (iontaoibh), Richard Joyce, gabha airgid, gabha óir, An Cladach, coróin, croí, lámha.

GNÍOMHAÍOCHT 2 Scéalchlár

Léigh scéal Richard Joyce.





Cumhdach taiscí Naomh Ursula agus cros chéasta arna dhéanamh ag Richard Joyce sna 1720idí.
© Músaem Cathrach na Gaillimhe.

Scéal Richard Joyce

Deirtear go raibh, timpeall na bliana 1675, fear óg as Gaillimh darbh ainm Richard Joyce ar long a bhí ag dul go dtí an Mhuir Chairib nuair a ghabh foghlaithe mara na hAilgéire é. Ag an am sin, chuaigh foghlaithe mara na Barbaire gníomhach sa Mheánmhuir agus san Atlantach Thoir ag urghabháil longa Eorpacha, ag baint a gcuid lasta, agus ag glacadh príosúnach le haghaidh fuascailte agus sclábhaíochta. Tugadh Joyce go dtí an Algiers san Afraic Thuaidh agus díoladh é mar sclábhaí le gabha óir saibhir Turcach. Le linn dó a bheith ina sclábhaí, d'fhoghlaim sé ceird an ghabha óir agus rinne sé máistreacht ar an gceird sin.

Sa bhliain 1689, rinneadh Rí Uilliam III ar Shasana, Albain agus Éirinn de William of Orange. Chuir sé ionadaí go dtí an Algiers a éileamh go scaoilfí saor na sclábhaithe go léir arbh as a ríocht iad.

Nuair a fuair an gabha óir Turcach amach go raibh Joyce cumasach ar tí dó é scaoileadh saor, thairg sé lámh a iníne amháin chun pósadh dó agus leathchuid dá shaibhreas freisin chun é a mhealladh chun fanacht.

Dhiúltaigh Joyce agus ina ionad sin d'fhill sé ar Ghaillimh, áit ar chuir sé faoi mar ghabha óir agus ar éirigh go maith leis. Phós sé freisin, agus bhí clann acu i nGaillimh.

An bhfuil an scéal seo fíor? B'fhéidir go bhfuil. Insíodh an scéal den chéad uair i stair Gaillimhe a scríobh James Hardiman sa bhliain 1820, níos lú ná 100 bliain tar éis do Richard Joyce bás a fháil. Tá go leor réad airgid ag an Músaem ina chuid bailiúchán ar a bhfuil inisealacha stampáilte Richard Joyce, lena n-áirítear cóifrín iarsmaí ina bhfuil cloigeann Naomh Ursula, dar dáta 18 Meitheamh 1723. Uaireanta stampáladh sé a shaothar le hancaire, siombail na Gaillimhe. Mar sin, táimid cinnte dearfa de go raibh gabha óir leis an ainm sin ina chónaí agus ag obair i nGaillimh agus go ndearna sé Fáinní Cladaigh.

Is éard is clár scéil ann ná sraith líníochtaí a léiríonn na príomh-eachtraí i scéal. Cruthaigh clár scéil ag úsáid líníochtaí agus téacs chun scéal Richard Joyce a insint. Íoslódáil agus priontáil ár dteimpléad clár scéil (tírdhreach A3).

© Músaem Cathrach na Gaillimhe

GNÍOMHAÍOCHT 3 Scríbhneoireacht Chruthaitheach


Iontráil Dialainne



Samhlaigh gur tusa Richard Joyce as Gaillimh. Is é an bhliain 1694 atá ann, tá tú díreach scaoileadh saor ó bheith i mbraighdeanas agus tá tú ag filleadh ar Ghaillimh don chéad uair le blianta fada. Scríobh iontráil dialainne don lá. Déan cur síos ar an long, ar an turas agus ar conas a mhothaíonn tú Cad leis, i nGaillimh, is mó a bhfuil tú ag tnúth? Cad iad na hábhair imní atá agat? Cad iad na dóchais atá agat don todhchaí?

© Músaem Cathrach na Gaillimhe

Fráma Reoite





Clé: Dugaí na Gaillimhe tráth a raibh Richard Joyce ina ghasúr.

Thuas: Margadh sclábhaithe na hAilgéire, 1680idí.

Saol Richard Joyce

Gníomhaíocht Drámaíochta A:

Obair ghrúpa

Brisigí amach i ngrúpaí. Bunaithe ar a bhfuil foghlamtha acu, roghnaíonn gach grúpa trí eachtra nó radharc suntasach ó shaol Richard Joyce. Déanfaidh na grúpaí na chuimhneacháin sin a léiriú, a chuirfear i láthair amhail is dá mbeidís reoite le himeacht ama, amhail is dá mba rud é gur tógadh 'amharc' de gach ceann acu. Beidh scéalaí ag gach 'pictiúr' chun cur síos a dhéanamh ar an radharc, agus beidh an chuid eile de na rannpháirtithe ann.

1. Cad atá ag tarlú? Cá bhfuil sé ag tarlú? Cé atá ann? Smaoinigh ar cé hé/hí gach duine sa 'ghrianghraf' seo? Buailtear buille beag ar dhaoine sa léargas seo ar an ngualainn chun iad a chur ina mbeo d'fhonn a mhíniú cad atá ag tarlú, conas a bhraitheann siad, etc. Má chuirtear ceist ort, an féidir leat freagra a thabhairt mar charachtar?
2. An féidir leat níos mó ná daoine a léiriú le do choirp (foirgnimh, etc.)?
3. Ná bíodh drogall ort fearais shimplí a úsáid.
4. Déan uainíocht maidir le cé hé nó hí an té ag a bhfuil ról an scéalaí.

Gníomhaíocht Mhalartach:

Is féidir an cleachtadh seo a dhéanamh mar chleachtadh aonair freisin. Tarraingíonn na daltaí na trí eachtra mar 'phainéil amhairc'. Is féidir leo a bheith líneach ó thaobh ama, nó neamhlíneach.

Síntí agus leideanna taobh-chóiste:

- An nóiméad a thagann as na fíricí a chuala tú atá ann?
- An bhféadfadh sé a bheith ina nóiméad nach gcuirtear síos air sa scéal (Richard ina leanbh, Risteard ina sheanfhear, nóiméad le carachtair eile, srl.)?
- An féidir gach duine a fheiceáil go soiléir sa léargas seo? Mura bhfuil, an bhfuil cúis ar leith leis sin, nó an gá dúinn é a choigeartú.
- Cad é an mothú a bhaineann leis an léargas seo?
- An féidir leat trí mhothú éagsúla a ghabháil.

Machnamh:

- An raibh spraoi i gceist leis sin? An raibh sé réalaíoch? Ar tháinig aon athrú ar do thuairim faoi Richard Joyce?

© Músaem Cathrach na Gaillimhe

GNÍOMHAÍOCHT 5

Gníomhaíocht Cheirde

Siombailí an Fháinne

Fáinne an Chladaigh

Cúlra: Mar chomhartha ar an ngrá, tá Fáinne an Chladaigh comhdhéanta de thrí shiombail: croí (mar shiombail ar an ngrá), coróin (don dílseacht), agus péire lámha (cairdeas). Tá an ghníomhaíocht fáinne seo bunaithe ar théama an ghrá agus na siombailí. Cad iad na rudaí is breá le na daltaí i do rang dó?

Ábhair: cárta miotalach óir agus airgid (gearrtha i gcearnóga – thart ar 12cm x 12cm); siosúr; pinn luaidhe; sreang shamhaltú/seodra nó cárta miotalach óir agus airgid (gearrtha i stiallacha fada tanaí).


Fad: 30–45 nóiméad

Gníomhaíocht:


- Agus iad ag obair i ngrúpaí de thriúr, pléann na daltaí cad is breá leo: an caitheamh aimsire is fearr leo, spórt, uirlis cheoil, ainmhí, amhrán, srl. agus cuireann siad a gcuid smaointe i láthair don rang. B'fhéidir go mbeadh tagairtí amhairc ag teastáil uathu.
- Ansin déanfaidh na daltaí sceitse ar shiombailí mar imlíne shimplí (gan an iomarca sonraí) chun é sin a léiriú.
- Tugtar cárta cearnógach airgid nó óir do gach dalta chun an siombail a tharraingt, ar chúl an chárta).
- Gearrann na daltaí amach a gcuid siombailí agus cinneann siad cén tsiombail atá uathu sa lár agus ar gach taobh.
- Gearrann na daltaí dhá scoiltíní i lár siombailí a gcártaí agus sleamhnaítear ar shreang nó ar stiall tanaí cárta iad san ord atá socraithe acu.
- Ceangail an cárta nó an sreang le chéile chun fáinne a dhéanamh.
- Taispeáin gach dearadh don rang agus iarr ar na daltaí eile na siombailí a thomhas.
- Is féidir le gach grúpa a mhíniú ansin conas a léiríonn na siombailí an rud is breá leo



CROÍ



CORÓIN



LÁMHA

Gníomhaíocht ar Líne

Tabhair cuairt ar Mhúsaem Victoria & Albert i Londain ar líne agus dear fáinne fíorúil de do chuid féin:
www.vam.ac.uk/designaring

© Músaem Cathrach na Gaillimhe

An Raibh A Fhios Agat...

- Is ón focal Gaeilge “cladach” a thagann an logainm An Cladach.
- Cosúil leis an seamróg agus an chláirseach, tá Fáinne an Chladaigh anois ina shiombail d’oidhreacht na hÉireann.
- Sa dealbh cháiliúil de Walt Disney agus Mickey Mouse, agus lámha acu i ngreim a chéile, ar a dtugtar Partners, tá Disney ag caitheamh Fáinne Chladaigh. Ba de shliocht Éireannach é Walt Disney; rugadh a sheanathair Kepple Elias Disney i gCo. Chill Chainnigh sa bhliain 1832.
- Is miotal bog é an t-ór. Go deimhin, is é an miotal is somhúnlaithe, as na miotail uile. Is éard is somhúnlaitheacht ann ná an fhéidearthacht miotail a bhualadh nó a bhrú isteach i gcruthanna éagsúla gan briseadh nó scoilteadh
- Is daoire ór ná airgead mar is annamha é ná airgead, mar sin tógann sé níos mó ama agus fuinnimh chun ór a aimsiú agus a mhianú.
- Bhí muintir Joyce, arbh as an mBreatain Bheag dóibh, ó dhúchas, ar cheann den cheithre theaghlach cheannaíochta déag – ar a dtugtaí ‘Treibh na Gaillimhe’ – a bhí i gceannas ar Ghaillimh sa Mheánaois. Is astu a n-ainmnítear Dúiche Sheoigheach i gConamara Thuaidh. Is é Seoighe an leagan Gaeilge den ainm.
- Tá fáinne méar comhdhéanta de dhá chuid bhunúsacha - an lúb agus an beiséal. Is é an lúb an banna ciorclach a thimpeallaíonn an mhéar agus is é an beiséal an chuid uachtarach den fháinne, a d’fhéadfadh a bheith ina dhromchla réidh le greanadh nó deartha chun seoid nó ornáid éigin eile a iompar.

Déan Tástáil Ar A Bhfuil Ar Eolas Agat

- Cad a thugtar ar an dá chuid bhunúsacha d’fháinne?
- Cárb as a tháinig an teaghlach Joyce ó dhúchas?
- Cé mhéad treibh de ‘Treibh na Gaillimhe’ a bhí ann?
- Cad as a bhfuair An Cladach a ainm?
- Ainmnigh trí shiombail den fhéiniúlacht Éireannach?
- Cad is brí le ‘somhúnlaithe’?
- Cé acu is daoire – ór nó airgead? Cén fáth?

© Músaem Cathrach na Gaillimhe